



PREASEISIÚINT Uimh. 38/25

Lucsamburg, 24 Márta 2025

Éisteacht na Cúirte Breithiúnais

Gealltanais sollúnta ó bheirt Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach

Ag éisteacht den Chúirt an 24 Márta 2025, thug beirt Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach an gealltanais sollúnta dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Ba iad Marta Kos agus Valdis Dombrovskis a thug gealltanais sollúnta.

Cé nach ndéantar foráil shonrach sna Conarthaí maidir leis an gcaoi a dtabharfar an gealltanais sollúnta, leag an Coimisiún an-tábhacht i gcónaí ar an ngealltanais a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Is é seo a leanas an gealltanais sollúnta a thugann Comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh:

'I ndiaidh dom a bheith ceaptha mar Chomhalta den Coimisiún Eorpach ag an gComhairle Eorpach, tar éis vóta toilithe ó Pharlaimint na hEorpa, geallaim go sollúnta:

go mbeidh meas agam ar na Conarthaí agus ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhlíonadh mo dhualgas go léir;

go ndéanfaidh mé mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh le neamhspleáchas iomlán, chun leas ginearálta an Aontais;

nach lorgóidh mé nó nach nglacfaidh mé le treoracha ó aon rialtas, institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht agus mo chúraimí á gcomhlíonadh agam;

go staonfaidh mé ó aon ghníomh nach luíonn le mo dhualgais nó le comhlíonadh mo chúraimí.

Tugaim faoi deara an oibleagáid a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, trína ngeallann gach Ballstát go n-urramóidh siad an prionsabal sin agus nach ndéanfaidh siad iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Choimisiúin i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.

Geallaim freisin go n-urramóidh mé, le linn agus tar éis mo théarma oifige, na hoibleagáidí a eascraíonn as sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dom éirí as oifig.'

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den éisteacht ar fáil ar [shuíomh gréasáin CVRIA](#).

Fanaigí i dteagmháil linn!



Iarscríbhinn

Aitheasc an Uachtaráin Koen Lenaerts

A Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach,

A dhaoine uaisle,

Agus an éisteacht seo á hoscailt agam, thar ceann na Cúirte cuirim an-fáilte romhaibh anseo.

Tabharfaidh beirt Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach gealltanais sollúnta os comhair na Cúirte inniu, comhaltaí nach raibh in ann freastal ar an éisteacht shollúnta an 27 Eanáir inar thug Uachtarán an Choimisiúin agus 20 Comhalta an gealltanais.

Foráiltear don ghealltanais sollúnta seo in Airteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus is nós é le fada go dtugtar an gealltanais os comhair na Cúirte. Tá an dé-shiombalachas ag baint leis an gcleachtadh seo. Léirítear leis an meas ar an dlí atá mar shainghné den Aontas Eorpach agus dá nInstitiúidí, an Coimisiún ina measc. Sonraítear leis freisin an tábhacht a bhaineann le misin an Choimisiúin, a iarrtar air a dhéanamh, ar mhaithe le leas ginearálta an Aontais, sna Conarthaí.

Sula n-iarrfar oraibh an gealltanais sollúnta i ndáil le tús a chur le bhur bpost a rá, lig dom comhthéacs na hócáide inniu a chur in iúl daoibh go tapa.

An 27 Samhain 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun Comhaltaí nua an Choimisiúin a cheapadh mar chomhlacht.

Le cinneadh na Comhairle an 28 Samhain 2024 lena gceaptar an Coimisiún Eorpach, a léadh san éisteacht shollúnta an 27 Eanáir, réitíodh an bealach don Choimisiún a chumhachtaí a thugtar dó sna Conarthaí a fheidhmiú don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

I gclár gníomhaíochta an Choimisiúin nua, a sheol a Uachtarán cúpla mí ó shin os comhair Pharlaimint na hEorpa, beartaítear tosaíocht a thabhairt d'Eoraip níos iomaíoch, níos láidre agus níos aontaithe, ag brath níos lú ar an taobh amuigh i gcomhthéacs domhanda dúshlánach atá ag athrú go mór ó thaobh cúrsaí geopholaitíochta, eacnamaíochta, teicneolaíochta agus comhshaoil de.

Bearta móra an chláir gníomhaíochta seo ná ullmhú le haghaidh méaduithe nua i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn mhéadú 2004, ar ceiliúradh comóradh 20 bliain de i mí na Bealtaine anuraidh.

Níl sna gníomhaíochtaí tosaíochta sin ach cúpla beart lena léirítear an tábhacht ar leith a bhaineann leis na punanna a thugtar daoibh, is é sin, do Valdis Dombrovskis an geilleagar agus an táirgiúlacht, agus cur chun feidhme agus simpliú, agus do Marta Kos, an méadú.

Ag féachaint do bhur mbuanna pearsanta, chomh maith le bhur dtaithí phroifisiúnta agus ardfhreagrachtaí a bhí oraibh roimhe seo le linn bhur ngairm, is léir go mbeidh sibh in ann dul i ngleic leis na dúshláin mhóra a bheidh ann le linn an téarma seo agus go n-éireoidh libh le bhur bhfreagrachtaí nua.

Thar ceann na Cúirte agus a Comhaltaí, tréaslaím libh ó chroí agus táim cinnte go mbeidh an-rath oraibh sna ról nua agus leis sin go gcuirfear borradh nua faoin Eoraip agus go gcuirfear i luí ar dhaoine an fiúntas ar leith a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa sna laethanta seo nuair nach bhfuil an aird chéanna ar an tsíocháin ná ar an smacht reachta, fiú ar an Mór-Roinn.